

Cur I láthair Cruthaitheach sna Luathbhlianta Coimisiún theanga na Gaeilge 2023

Comhoibriú idir Éire Ildánach Átha Cliath Theas, Oifig Ealaíon Átha Cliath Theas, Áras Chrónáin, agus Naíonra Chrónáin

Réamhrá

Is mian leis an gclár Éire Ildánach Átha Cliath Theas **Cur i láthair cruthaitheach i dteanga na Gaeilge sna Luathbhlianta** a choimisiúnú. Beidh an coimisiún curtha i gcrích i gcomhoibriú le páistí ó Naíonra Chrónáin atá suite ar thalamh Áras Chrónáin.

Is ósais de theanga na Gaeilge faoi leith é Áras Chrónáin, Ionad Cultúir ina mbaineann idir óg agus aosta tairbhe as Cultúr Beo na Tíre; an Ghaeilge, Amhránaíocht agus Rince. Tá Áras Chrónáin, Ionad Cultúir suite i dteach Seoirsiach ar 2.9acra i gcroílár sráidbhaile Chluain Dolcáin.

Fanann Naíonra Chrónáin, suite ar thalamh Áras Chrónáin, cothrom le dáta maidir le taighde sna Luathbhlianta, ag cinntiú go bhfuil na páistí ag fáil ardchaighdeán d'Oideachas agus Cúram in Oideachas sna Luathbhlianta. Tá béim ar leith curtha ar an súgradh faoin aer agus chuige sin bíonn deiseanna curtha ar fáil do na páistí foghlaim agus forbairt a dhéanamh trí imeachtaí súgartha.

Tá áit speisialta ag an nGaeilge agus ag Cultúir na hÉireann i ngréasán cultúir Átha Cliath Theas agus feidhmíonn Áras Chrónáin mar chroílár cultúrtha i Sráidbhaile Chluain Dolcáin don Ghaeilge labhartha, agus gach gné de Chultúr na hÉireann

Cuspóirí

- Próiseas a fhorbairt chun tacú le páistí le tionscadal a chruthú
- Múnla a chruthú a chuideoidh le hoidí agus le cleachtóirí a oibríonn in Earnáil na n-ealaíon sna luathbhlianta agus Teanga na Gaeilge.
- Cur i láthair atá teoraithe ag rannpháirtithe a chruthú do Chruinniú na nÓg 2023
- Tacaíocht a chruthú in Ealaín sna luathbhlianta agus sa Ghaeilge

Tagann ár gcuspóirí ó luachanna de chuid an Clár Éire Ildánach Átha Cliath Theas

- Machnamh agus fiosriú
- Roinnt Oscailte
- Rannpháirtíocht an phobail
- Inbhuanaitheacht

Cad atá á lorg againn?

Teastaíonn uainn go mbeadh coimisiún do chur i láthair uailmhianach sna luathbhlianta réitithe do Chruinniú na nÓg 2023.

Seo iad ionchais an choimisiúin:

- Go mbeidh páistí sna luathbhlianta (0-6bl) gníomhach sa phróiseas cruthaitheach agus go mbeidh a nguth chun tosaigh sa phróiseas.
- Go mbeidh eispéireas sa chur i láthair cruthaitheach agus an Ghaeilge mar chuid lárnach den choimisiún.
- Go mbeidh comhoibriú láidir le hoidí ó Naíonra Chrónáin chun saothar ealaíne a chruthú ina mbeidh mar mhúnla d'áiseanna eile in earnáil na luathbhlianta, ag tógáil an spás atá ar fáil sa Naíonra san áireamh.

Nóta:

- Táimid ag lorg cur i láthair ildisciplíneach i bhfoirm; drámaíocht, beochan, puipéadóireacht, rince, agus a leithéad. Nílimid ag lorg togra ina mbíonn an ceol mar an príomhghníomhaíocht chruithaitheach.
- Cuirfear an togra seo i láthair TG4 mar chuid de Chruinniú 2023. Beimid ag súil leis go mbeidh an togra seo uailmhianach agus mar eiseamláir d'earnáil chruithaitheach sna luathbhlianta.

Amlíne

- Osclaíonn iarratais ar an Dé hAoine 13 Bealtaine 2022
- **Spríodháta d'iarratais Dé hAoine 3 Meitheamh 2022 ag 5.00i.n.**
- Fógra ar sparánacht faoi 1 Iúil 2022
- Soláthair den togra idir Iúil 2022 agus Iúil 2023
- Caithfear cur i láthair den choimisiún a dhéanamh mar chuid de Chruinniú na nÓg 2023. Titeann an Cruinniú ar an dara Satharn de mhí an Mheithimh 2023.

Méid an Sparánacht

Tá luach de €50,000 (CBL san áireamh) ar an gcoimisiún. Beidh an coimisiún á bhainistiú ag an té a fhaigheann an coimisiún agus iad ag comhoibriú agus i dteagmháil le Bainisteoir Éire Ildánach Átha Cliath Theas agus Bainisteoir Áras Chrónáin. Beidh tú freagrach as soláthair den togra, measúnú riosca, árachas, srl a bhaineann leis an gcoimisiún.

Próiseas Roghnúcháin

Déanfar athbhreithniú ar na hiarratais ag painéal neamhspleách de chuid Oifigeach Ealaíne CCAT, Bainisteoir Áras Chrónáin, Stiúrthóir Naíonra Chrónáin, Tuismitheoir páiste ó Naíonra Chrónáin agus saineolaí ealaíne sna luathbhlianta. Seans go mbeidh gá le múinteoirí breise ón Naíonra chomh maith le tuismitheoirí, agus athbhreithniú á dhéanamh ar na hiarratais.

Critéir Roghnúcháin

1. Uailmhian, scála, nuálaíocht ar an scóip agus forbairt ar phlean an togra.
2. Plean próisis a léiríonn go mbeidh na páistí gníomhach leis an obair a chruthú.
3. Féidearthacht an togra
4. Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Earnáil na n-ealaíon sna Luathbhlianta
5. Caighdeán de thionscadal uailmhianach a bhí déanta roimhe seo.

Cáilitheacht

Ta an coimisiún oscailte do ealaíontóirí proifisiúnta ar leith agus eagrais a n-oibríonn in earnáil na n-ealaíon sna luathbhlianta agus leis an nGaeilge.

Saoráil Faisnéise

Baineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997-2003 le Comhairle Contae Átha Cliath theas. Tá dualgais ar iarratasóirí a fhógairt má tá eolas ar bith tugtha iontaofa nó soghortaithe agus nár cheart a bheith nochtaithe go poiblí. Tá dualgais ar iarratasóirí míniú a thabhairt ar an fáth go gceapann siad go bhfuil an teolas seo iontaofa nó soghortaithe. Coinneofar gach iarratas ar feadh tréimhse 12 mhí mar thaifead ar an bpróiseas roghnúcháin agus le trédhearcacht ar an bpróiseas sin a chinntiú.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus Cosaint Leanaí

Caithfidh gach duine atá ag obair le leanaí, daoine óga agus daoine gan chosaint de réir an dlí dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. De réir Polasaí Náisiúnta Cosanta Leanaí, Treoirlínte Náisiúnta Tús Áite do Leanaí mar chuid de Chosaint agus Leas Leanaí, caithfidh polasaí um chosaint leanaí, gnás cuí agus ráiteas cumhdach leanaí a bheith ag faighteoirí an choimisiúin agus iad ag obair le páistí.

Árachas

Forchoimeádaimid an ceart daingniú d'Árachas Dliteanais Phoiblí a lorg.

Deimhniú Imréitigh Cánach

Forchoimeádaimid an ceart daingniú de Dheimhniú Imréitigh Cánach a lorg.